

SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 1995

GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
(200 marc)

30067

DÉ HAOINE, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.30 go dtí 5.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith failloch ann.)

Gach ceist (1, 2 agus 3) a fhreagairt.

1. Aiste a scríobh ar cheann amháin de na hábhair seo. (100 marc)

[N.B. Ní gá dul thar 3 leathanach (600 - 700 focal) nó mar sin.]

- (a) "Tír bhreá f Éire le saoire a chaitheamh inti" – an ffor sin, an dóigh leat?
- (b) Aoibhneas an tsaoil seo.
- (c) Tá iriseoir ceoil á lorg ag an nuachtán **Anois**, agus tá spéis agatsa sa phost sin. Caithfidh gach iarratasóir alt samplach ar ghné shuntasach éigin den cheol a chur chuig an mbainisteoir. Scríobh an t-alt a chuirfeá féin ag triall ar an mbainisteoir sin.
- (d) "Is trua nach aon náisiún amháin an cine daonna uile agus gan ach teanga amháin acu."
É sin a phlé.
- (e) Scríobh an chaint a dhéanfá - i ndíospóireacht scoile - ar son nó in aghaidh an rúin seo a leanas:-
"Is tábhachtaí bheith i d'Eorpach ná i d'Éireannach inniu."
- (f) Scéal nó aiste a cheapadh a mbeadh an leagan Cothrom na Féinne oiriúnach mar theideal air.

THALL →

2. Freagair **A agus B.** [30 marc]

A (20 marc)

Athscríobh na sleachta anseo thíos ag tosú le "Dúirt Eibhlín le Micheál" nó le "Dúirt Micheál le hEibhlín", de réir mar a oireann.

- (i) "Is eol duitse go maith, a Mhichíl," arsa Eibhlín, "gur fuath liomsa an cúrsa sin."
- (ii) "Is dóigh le do mháthair, a Eibhlín," arsa Micheál, "gur ceart duit triail a bhaint as."
- (iii) "Fágaimis mo mháthair as an scéal, a Mhichíl," arsa Eibhlín, "má theastaíonn uaithi siúd an cúrsa a dhéanamh i m'áitse ní chuirfidh mise stop léi."

B (10 marc)

Athscríobh do rogha cúig cinn de na habairtí seo thíos agus cuir focal (nó focail) a oireann don chiall sa bhearna i ngach cás.

- (i) Go Dia do stór!
- (ii) An ag iarraidh an dubh a chur ina orm atá tú?
- (iii) Gabhaim buíochas leat, a dhuine uasail, thar ceann a i láthair anseo anocht.
- (iv) Creid uaimse é, is é lomchlár na gach focal de.
- (v) Bia é sin a bhfuil an-tóir na laethanta seo.
- (vi) Tá daoine ann ar cuma sa leo cén dochar a dhéanfaidh siad.
- (vii) Dá é mar shaothar, bí cinnte de go mbeidh ainniseoir éigin ag gearán faoi.
- (viii) Cad atá ag na geirbe agat anois, in ainm Dé?
- (ix) Is olc an nach séideann do dhuine éigin.
- (x) Sin comhairle mhaith, a thaisce, a chuirfidh ar bhóthar do tú.

3. Freagair **A** agus **B**. [70 marc]

A (35 mharc)


Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]

SCÉAL DHÁ PHICTIÚRLANN!

Bíodh is nár thuig siad féin é, bhain tábhacht ar leith leis an tionól beag daoine i gcúlseomra an *Grand Café, 14 Boulevard Des Capucines*, Páras, ar an 28ú Nollaig 1895. Ba é an chéad taispeántas scannán riamh é ar dhíol an pobal as a fheiceáil - an chéad phictiúrlann! Ba iad na deartháireacha, *Louis* agus *Auguste Lumière*, a bhí i mbun an chúraim agus an teilgeoir scannán a d'fhorbair siad féin i bhfearas acu - an *cinématographe*, mar a bhí á thabhairt acu air. Ceann amháin de na deich scannán ghearra a taispeánadh - "*Traein ag teacht isteach i stáisiún*" - chuir sé scanradh, is cosúil, ar a lán dá raibh i láthair! Ní fheadar cad a déarfaidís dá bhfeicfidís foréigean scáileáin an lae inniu ag leithéidí *Eastwood, Gibson, Pacino, Stallone*, agus a gcairdel!

Cibé faoi sin de, tá comóradh céad bliain na hócáide stairiúla sin ar siúl ar fud an domhain i mblíana, agus cárbh fhearr rud dá ndéanfaimisne anseo ná súil siar a chaitheamh ar feadh tamaillín ar a bhfuil ina leabhar *Scéal na Scannán ag Proinsias Ó Conluain* faoin gcéad phictiúrlann a bunaíodh sa tír seo! "Ar an 20ú Nollaig 1909," a deir Proinsias, "osclaíodh an *Volta Electric Theatre* i Sráid Mhuire, Baile Átha Cliath - an chéad phictiúrlann in Éirinn a osclaíodh go speisialta le scannán, agus gan ach scannán, a taispeáint. Dá bharr sin tá scéal na pictiúrlainne seo spéisiúil ann féin, ach tá sé spéisiúil thairis sin ar an ábhar gurbh é *James Joyce*, duine de na scríbhneoirí Béarla is mó tionchar de chuid na haoise seo, a bhí ina chéad bhainisteoir uirthi!"

"Mar is eol dúinn, bhí an Seoigheach ina dheoraí deontach ar an Mór-Roinn ó 1902 ar aghaidh, agus is ag múineadh Béarla i gcathair *Trieste* a bhí sé thart faoi 1905. Casadh roinnt fear gnó air san áit a raibh spéis mhór acu i dtionscal úr na scannán a bhí ag dul chun cinn go tréan san am. D'éirigh leis a chur ina luí orthu



gurbh fhiú dóibh pictiúrlanna a oscailt in Éirinn. Tugadh slám airgid don Seoigheach, d'fhág sé *Trieste* agus bhain Baile Átha Cliath, a chathair dhúchais féin, amach ar an 21ú Deireadh Fómhair, 1909. Suíomh feiliúnach do phictiúrlann nua a bhí uaidh. Chuardaigh sé cuid mhór áiteanna sa phríomhchathair, agus faoi dheireadh shocraigh sé ar an bhfoirgneamh, Uimhir a 45, Sráid Mhuire, a cheannach. Chuir sé fios láithreach ar a chairde i *Trieste* agus chuaigh siad gan mhoill i mbun pictiúrlann a dhéanamh as an bhfoirgneamh i Sráid Mhuire. Bhí go leor deacrachtaí le sárú - ní dheachaigh an Seoigheach féin a luí roimh a trí a chlog oíche ar bith ó thosaigh an obair athchóirithe. É féin a rinne na postaeirí fiú amháin do lá na hoscaite!"



● **JAMES JOYCE**
(AN SEOIGHEACH)

"An *Volta* an t-ainm a thabharfaí ar an bpictiúrlann nua le honóir a thabhairt don eolaí Iodálach, *Allesandro Volta*. Is beag aird, áfach, a thug nuachtáin an lae ar an iarracht nua - iarracht as a bhfásadh lear mór foirgneamh den saghas céanna ar fud na tíre. Ach bhí tarraingt na sluaite ar an bpictiúrlann ón gcéad lá a osclaíodh í. Bhí a oiread sin daoine thart faoin doras don chéad taispeántas gurbh éigean don Seoigheach fios a chur ar na póilíní chun iad a choinneáil in ord!"

Lean an *Volta* uirthi ag taispeáint scannán do na sluaite go dtí gur dúnadh í thart faoi 1950. Bloc oifigí atá ar an láthair anois ach creideann go leor seandaoine sa chathair go maireann dhá scáil fós ann (ach na súile bheith agat lena bhfeiceáil!) - scáil an *Volta* agus scáil *James Joyce*!"

- (i) Cén tábhacht a deirtear sa *chéad alt* a bhain leis an scata beag daoine sa chúlseomra úd i bPáras? Cén fáth ar greannmhar leis an scríbhneoir rud áirithe a tharla le linn an taispeántais? (8 marc)
- (ii) (a) Tabhair insint **ghairid** ar a bhfuil in *alt a trí* faoina raibh le rá ag an Seoigheach agus na fir ghnó úd lena chéile ag an gcruinniú i *Trieste*.
(b) Breac síos pointe **amháin** as an alt céanna a léiríonn go raibh saol dian go leor ag an Seoigheach mar bhainisteoir. (9 marc)
- (iii) (a) Breac síos pointe **amháin** as *alt a ceathair* a léiríonn gur éirigh go maith leis an *Volta*.
(b) Cad is dóigh leat den ghreann atá san abairt *dheireanach* d'alt a cúig? (8 marc)
- (iv) Mínigh go cruinn *gach ceann* de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht. (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]

CEACHT LE FOGHLAIM ?

Ar an 27ú Eanáir, 1945 mháirseáil trúpaí as Arm Dearg na Rúise isteach i gcampa báis *Auschwitz* na Polainne agus scaoil siad saor a raibh fágtha beo nó leathbheo de phríosúnaigh bhochta na háite sin. "Seansaighdiúir atá ionam", arsa an Coirméal *Petrenko*, a bhí i gceannas na dtrúpaí sin, "agus chonaic mé go leor uafás le mo linn, ach níor shíl mé riamh go luífeadh mo shúile cinn ar radharc chomh cosrach agus a bhí romhainn an lá úd sa champa sin." Tá an saoradh sin ó *Auschwitz* – leathchéad bliain ó shin – agus ó na campaí báis Naitsíochta eile, á chomóradh ar fud an domhain i mbliana.

Is maith is fiú dúinne mar sin, i gcomhthéacs na n-imeachtaí sin, an tuairisc bheoga seo a leanas a léamh - atá ag Breandán Ó hEithir ina leabhar *An Nollaig Thiar* - ar chuart a thug sé i 1985 ar cheann de na campaí ifreanda sin, campaí ar céasadh agus ar básaíodh na milliúin iontu (go mba Ghiúdaigh naonúr as gach deichniúr díobh). "Baile beag gleoite é *Weimar*," a deir Breandán, "atá suite i gcroílár na Gearmáine. Tá go leor áiteanna stairiúla ar an mbaile féin, go háirithe an teach inar chónaigh an mórscribhneoir *Goethe*. Níl campa géibhinn *Buchenwald* ach turas fiche nóiméad ar bhús ó *Weimar*, agus shocraigh mé dul ann go luath an chéad mhaidin. Lá gruama ceomhar i dtús mhí na Nollag, 1985, a thógas an bus go *Buchenwald* i gcomhlúadar scata daltaí meánscoile a bhí faoi chúram a múinteora: bean mhór chrosta nár stad de bheith ag fógairt orthu bheith ciúin ómósach. 'Ní chun na hamharclainne atá sibh ag dul, a rudáí míbhéasacha,' a deireadh sí, nuair a théadh an gleo thar fulaingt, 'táimid ar oillithreach chun na háite inar mharaigh na Naitsithe na mílte.'

Bheadh *Buchenwald* duairc lá gréine i lár an tsamhraidh agus ní mholfainn do dhuine neirbhíseach ar



● GEATA AUSCHWITZ ... GEATA IFRINN !

bith cuairt a thabhairt air. Tá sé coinnithe sa staid chéanna, mórán, ina raibh sé an lá i 1945 ar scaoil fórsaí na gComhghuallithe saor na géibheannaigh a bhí fós ina mbeatha. Is iomaí sin áit inar tharla uafás nach maireann rian an uafáis ann, ach shamhlófa go bhfuil boladh an bháis le fáil fós in aer an ollchampa seo. Mura mbeadh comhlúadar callánach na ndaltaí meánscoile agus iarrachtaí feargacha an mhúinteora iad a chiúnu, ní fhanfainn chomh fada san áit agus a d'fhanas. Bhíos cúramach fanacht ina n-aice ar feadh an ama. Bhíos scanraithe bheith i m'aonar i measc na gcillíní bídeacha inar chaith oiread sin daoine a n-uaireanta deireanacha ar an saol seo."

"Thaistil mé ar ais go *Weimar* ina gcomhlúadar freisin. Bhí an ceo iompaithé ina bháisteach faoi seo agus an múinteoir chomh tuirsithe dá cúram gur thosaigh sí ag caint liomsa, an t-aon phaisinéir eile seachas iad a bhí ar an mbus. Dúirt sí nár thuig go leor den aos óg méid an uafáis a tharla sna campaí, gur

theastaigh ón stát go mbuanófaí an chuid sin den stair in intinn an aosa óig agus gurbh é sin an chúis go dtugtaí ranganna ar cuairt chuig cibé campa géibhinn ba ghairé dá scoil. D'fhiafraigh mé di ar mheas sí go raibh toradh fóna ar na turais seo. 'Níl a fhios agam,' ar sise, 'tá siad millte ag popcheol an lathair agus ag na cláir Mheiriceánacha a fheiceann siad ar an teilifís anseo. Déanaim mo dhícheall ach ...' Chaith sí a lámha san aer agus thosaigh ag béicíl arís. Faoin am ar shroicheamar *Weimar* bhíos féin in ísle brí chomh mór agus a bhí sise, ach ar chúis eile."

"Naoi mbliana d'aois a bhí mé nuair a thosaigh an dara cogadh domhanda agus cheapas an uair sin gur mhór an spórt é. Ach anois, tar éis dom *Buchenwald* a shiúl sa cheo (agus *Dachau* roinnt blianta roimhe sin) ba é mo mhian an t-uafás a dhíbirt chuig cúl mo chuimhne."

- (i) Luaigh pointe **amháin sa chéad alt** agus pointe **amháin sa dara halt** a léiríonn gurbh áiteanna uafásacha iad na "campaí báis" úd. (8 marc)
- Inis, in abairt nó dhó, a bhfuil i gceist, dar leat, i dteideal an tsleachta.
- (ii) Luaigh **trí** phointe as an gcur síos atá ag Breandán sa **tríú halt** ar an gcaoi a ndeachaigh campa *Buchenwald* i gcion air. (9 marc)
- (iii) Luaigh **trí** phointe as an tuairisc sa **cheathrú halt** ar a raibh le rá ag an múinteoir le Breandán. (8 marc)
- (iv) Míniú go cruinn **gach ceann** de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht. (10 marc)